



Comhairle Cathrach na Gaillimhe,  
Halla na Cathrach, Bóthar an Choláiste, Gaillimh

City Hall, College Road, Galway

T. 091-536400 E. customerservice@galwaycity.ie

## FOIRM IARRATAIS LE HAGHAIDH CEAD PÁIRCEÁIL CÓNAITHEORA NÓ CUAIRTEORA

Ba cheart Athnuachan Cead Páirceála do Chónaitheoir a chur isteach 4 seachtaine sula dtéann sé in éag.

Céad Ainm(neacha): _____	Sloinne: _____
Seoladh: _____	Eirchód: _____
Teileafón / Fón Póca: _____	Ríomhphost: _____

  
**Cead Páirceála Cónaitheora**  
Iarratas Céad-Uaire ☐ Athnuachan ar Chead ☐ Feithicil a Athrú ☐  
An bhfuil sé amhlaidh go gcoimeádtar d'fheithicil ag an seoladh thuas? Tá ☐ Níl ☐  
An bhfuil sé amhlaidh gurb é an seoladh thuas do ghnátháit chónaithe? Tá ☐ Níl ☐  
Más Níl an freagra, cuir in iúl cén áit a bhfuil gnáthchónaí ort: \_\_\_\_\_  
  
An bhfuil sé amhlaidh go bhfreastalaíonn tú ar choláiste i gCathair na Gaillimhe? Tá ☐ Níl ☐  
Más Tá an freagra, luaigh cén coláiste \_\_\_\_\_  
Cláruimhir Feithicle: \_\_\_\_\_ Déanamh agus Cineál na Feithicle: \_\_\_\_\_  
**Agus / Nó**  
**Ceadanna Páirceála do Chuairteoirí:**  
(Is é an tOrdú uasta in aghaidh na bliana rollta ná 52 cead an duine (faoi réir uasmhéid 104 cead in aghaidh an áit chónaithe) in aon tréimhse 12 mhí)  
Líon na gCeadúnas Cuairteora is gá (A dhíoltar ina n-íolraí de 4 chead ar €10): \_\_\_\_\_  
**Féach leathanach 2 le haghaidh tuilleadh sonraí ar na doiciméid nach mór a bheith curtha in éineacht le d'iarratas.**

### DEARBHÚ REACHTÚIL ÓN IARRATASÓIR

Dearbhaímse, \_\_\_\_\_, go sollúnta agus go macánta, go bhfuil na sonraí atá luaite san fhoirm iarratais seo cruinn agus fíor i ndáil leis na mionsonraí uile ann chomh fada agus is eol dom, agus déanaim an dearbhú sollúnta seo á chreidiúint go coinsiasach é a bheith fíor de bhua an Achta i dtaobh Dearbhuithe Reachtúla, 1938.

Síniú an Iarratasóra: \_\_\_\_\_

Dáta: \_\_\_\_\_

### Le hAghaidh Úsáid na hOifige Amháin

(a) Uimhir Deimhnithe Árachais \_\_\_\_\_ Dáta Éaga an Árachais: \_\_\_\_\_

(c) Cruthúnas Cónaitheachta, ☐

(d) Uimhreacha Ceadúnais Cuairteora a Eisíodh: \_\_\_\_\_

Méid Díte: \_\_\_\_\_

Uimhir Admhála: \_\_\_\_\_

Dáta Eisiúna: \_\_\_\_\_

Arna Eisiúint ag: \_\_\_\_\_

### **Doiciméid is gá a chur isteach le d'Fhoirm Iarratais**

#### **Cead Páirceála Cónaitheora - Iarratas Céaduaire nó Athnuachana, Athrú Feithicle**

- **Cóip den Deimhniú Úinéireachta** (logleabhar) ag seoladh an cheadúnais.  
(Ní gá feithicil mac léinn agus feithicil cuideachta a chlárú ag seoladh an cheadúnais).
- Cóip de do **Chruthúnas Cónaitheachta** reatha, **dátaithe laistigh de 3 mhí anuas**, agus d'ainm agus do sheoladh léirithe ann: i.e. Ráitis Airgeadais, Comhaontú Tionóntachta, Billí Fónais is Inghlactha e.g. Billí Leictreachais, Bord Gáis, Eircom, VirginMedia/Sky, Banc/Cárta Creidmheasa/Ráitis Comhar Creidmheasa, inghlactha.

#### **Ní ghlactar le billí neamhthí ná le billí um fhón póca.**

- Cóip den **Deimhniú Árachais** reatha i ndáil leis an gcláruimhir feithicle atá luaite ar an bhfoirm iarratais. Caithfidh an Deimhniú Árachais a bheith in ainm an iarratasóra agus ní mór go luaitear ann an seoladh sin arna lua ar an bhfoirm iarratais.
- (a) Má tá an fheithicil cláraithe in ainm cuideachta, ní mór duit cóip den deimhniú árachais reatha a sholáthar i ndáil leis an bhfeithicil **agus** litir ón gcuideachta ina luafar go bhfuil tú fostaithe acu agus go bhfuil gnáthúsáid na feithicle agat.
- (b) Ní mór do mhic léinn ar tiománaí ainmnithe iad i ndáil le hárachas a dtuismitheoirí cruthúnas a sholáthar go bhfuil siad ag freastal ar choláiste i nGaillimh.

#### **Má tá iarratas um "Athrú Feithicle" á chur isteach agat, seol ar ais an Ceadúnas Páirceála do Chónaitheoirí arna eisiúint cheanna féin.**

- Táille €30 - le híoc tar éis don iarratas a bheith ceadaithe. Cuirfidh baill foirne iarratasóirí ar an eolas ar an teileafón nó trí ríomhphost.

#### **Cead Cuairteora**

- **Cead Cónaitheora Bailí nó Cruthúnas Cónaitheachta, dátaithe laistigh de na 3 mhí dheireanacha** e.g. Féach thuas
- **Táille** : Díoltar ceadanna ina mar beart de 4 cinn ar €10.
- **Ordú Uasta** : is ionann é agus 104 Cead in aghaidh an aonaid chónaithe/na bliana rollta, ar chostas €260
- **Nóta** : Iarratasóirí Céaduaire - ní gá íocaíocht a dhéanamh go dtí go mbeidh an t-iarratas ceadaithe.

#### **Ní ghlacfar le hIarratais Neamhiomlána nó Neamhshínithe, nó ní dhéanfar iad a phróiseáil.**

#### **Sainmhínte:**

Sainmhíntear "**Cónaitheoir**" mar "duine a bhfuil an Chomhairle sásta go gcruthaíonn sé nó sí go bhfuil a ghnátháit chónaithe ag áitreabh atá suite ar shráid i gcrios cead páirceála cónaithe".

Ciallaíonn "**Cuairteoir**" duine a thugann cuairt ar an gcónaitheoir, a bhuaileann isteach air nó uirthi nó a fhanann leis nó léi, nó a dhéanann an cónaitheoir é nó í a fhóstaíocht chun oibre a dhéanamh ar an teaghais.

Ciallaíonn "**Ceadúnas Páirceála Cónaitheora Bailí**" cead páirceála cónaitheora a bhaineann le crios nó criosanna cead páirceála cónaithe áirithe agus le tréimhse nach bhfuil dulta in éag agus arna eisiúint ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe ar ina limistéar feidhme atá an fheithicil ar a bhfuil an cead ar taispeáint á páirceáil:

#### **Coinníollacha:**

1. Is é an t-iarratasóir atá freagrach as cead páirceála bailí a thaispeáint, mar atá sonraithe sna Fodhlíthe um Rialú Páirceála.
2. In aon bhliain amháin, eiseoidh an Chomhairle, iarratas ó chónaitheoir, aon chead páirceála amháin in aghaidh an ghluasteáin laistigh dá limistéar páirceála féin, faoi réir fianaise inghlactha arna cur ar fáil ag an gcónaitheoir.
3. Beidh eisiúint ceadanna faoi rogha na Comhairle agus faoi réir uasmhéid de 4 chead in aghaidh an tí, 1 cheadúnas in aghaidh an árasáin i gceantair chónaithe agus i gceantair chónaithe láir agus 2 cheadúnas in aghaidh an árasáin i mbruachbhailte seanbhunaithe/seachtracha mar atá sainmhínte sa Phlean Forbartha Cathrach. (Is féidir na criosanna a fheiceáil ar [www.galwaycity.ie](http://www.galwaycity.ie))
4. Is é sealbhóir an cheada páirceála agus eisean nó ise amháin a bheidh freagrach as athnuachan an cheadúnais páirceála.
5. Ní mór ceadúnas páirceála an chónaitheora a athnuachan laistigh den tréimhse athnuachana, is tréimhse a chríochnaíonn 28 lá tar éis dá dhul in éag. Déileálfar le hiarratas ar athnuachan ina dhiaidh sin mar iarratas nua, rud a d'fhéadfadh cur isteach ar incháilitheacht. Beidh fógraí um muirir sheasta arna n-eisiúint 28 lá tar éis dul in éag an cheada bailí.
6. Má aistríonn tú ón seoladh thuas, nó má dhéanann tú d'fheithicil a dhiúscairt, ní bheidh do cheadúnas bailí a thuilleadh agus ní mór é a thabhairt ar ais chuig an gComhairle láithreach.
7. Má dhéanann tú an feithicil lena mbaineann an cead a athsholáthar, ní mór duit an ceadúnas a thabhairt ar ais chuig an gComhairle agus iarratas a dhéanamh ar cheadúnas nua chun na doiciméid ábhartha a chur isteach i ndáil leis an bhfeithicil nua agus an táille iomchuí a íoc.
8. Chun seoladh a athrú laistigh de limistéar cead páirceála cónaithe nó ó limistéar cead páirceála cónaithe amháin go ceann eile, féach foirm iarratais i ndáil le hAthrú Seoladh. Beidh cead arna eisiúint faoin bhFodhlí seo bailí ar fad a bhfuil fágtha den tréimhse a shonraítear sa chead bunaidh.

9. Déanfaidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe aon chead páirceála cónaitheora a chealú agus a aistarraingt, é sin nó diúltóidh sí an t-athnuachan má chruthaítear go bhfuil an cead faighte ag sealbhóir an cheadúnais mar gheall ar fhaisnéis nó doiciméid mhíchruinn a sholáthar.
10. Tabhair do d'aire, i gcás réadmhaoin a ligtear ar cíós, nach mór an réadmhaoin a chlárú de réir Rialacháin na dTithe (Rialáil Tithe ar Cíos), 1996 agus an tAcht um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004.
11. Ní thugann seilbh cead páirceála cónaitheora ráthaíocht don sealbhóir spás páirceála a bheith acu i gcónaí.
12. Níl spásanna páirceála ar do shráid ináirithe. Is féidir le duine ar bith iad a úsáid. Áirítear leis seo sealbhóirí ticéad Íoc agus Taispeáin ar théarma seasta.
13. Féadfaidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe faisnéis bhreise a iarraidh maidir le húinéireacht na feithicle agus cruthúnas cónaitheachta
14. Níl feithiclí a bhfuil ceadúnas tráchtála ag gabháil leo incháilithe chun Cead Páirceála Cónaithe a fháil.